AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2023
COM(2023) 324 final

ANNEXES 1 to 2

IARSCRÍBHINNÍ

a ghabhann le

Togra le haghaidh Treoir ón gComhairle

maidir le Faoiseamh Níos Tapúla agus Níos Sábháilte ó Fharasbarr Cánacha Siarchoinneálacha

{SEC(2023) 243 final} - {SWD(2023) 215 final} - {SWD(2023) 216 final} - {SWD(2023) 217 final}

IARSCRÍBHINN I

DEIMHNIÚ DIGITEACH UM CHÓNAÍ CÁNACH DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 4

Ceanglais theicniúla

1. Is amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an deimhniú digiteach um chónaí cánach:

   – eiseofar é agus ríomhshéala air i gcomhréir le rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1];

   – beidh an deis ann leaganacha den deimhniú digiteach um chónaí cánach a chur i láthair i bhformáid a bheidh inléite ag an duine agus ag meaisín araon agus doiciméid PDF nó formáidí eile comhchosúla ann ar féidir iad a úsáid sna córais uathoibrithe;

   – beifear in ann é a phriontáil;

   – beidh bosca téacs oscailte sa deimhniú chun faisnéis a áireamh ann faoi Airteagal 4(g).

2. Féadfaidh na Ballstáit próiseas fíorúcháin a thabhairt isteach trí dhintiúir infhíoraithe má chomhlíontar na ceanglais theicniúla san Aontas.

Tabharfaidh Coiste tacaíocht don Choimisiún maidir leis an deimhniú digiteach um chónaí cánach a bheith á chur chun feidhme ag na Ballstáit. Ina theannta sin, féadfaidh an Coiste tacaíocht theicniúil a sholáthar maidir le haon athrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhonn teicniúil an deimhnithe dhigitigh um chónaí cánach nó forbairtí teicniúla nua.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73)

IARSCRÍBHINN II

TUAIRISCIÚ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAIL 9 agus 15

Soláthróidh idirghabhálaithe airgeadais deimhnithe an fhaisnéis seo a leanas i bhformáid xml chomhfhreagrach:

An cineál faisnéise	Sonraíocht
A. Faisnéis maidir leis an duine atá ag soláthar na faisnéise	
Ainm an idirghabhálaí airgeadais	
EUID, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) nó rogha eile	
Seoladh oifigiúil	
Sonraí ábhartha eile	Uimhir aitheantais chánach (TIN) agus seoladh ríomhphoist
B. Faisnéis maidir le faighteoir na híocaíochta díbhinne nó úis	
Aitheantas an idirghabhálaí airgeadais nó an cháiníocóra deiridh a fhaigheann an íocaíocht díbhinne nó úis	
i. Duine aonair	Ainm, uimhir aitheantais chánach, dáta breithe, seoladh
ii. Duine dlítheanach	Ainm, LEI, TIN, seoladh, EUID
Uimhir chuntais na hinfheistíochta	Uimhir an chuntais slánchoimeádta i gcás ina bhfuil na hurrúis i seilbh an idirghabhálaí airgeadais/an cháiníocóra a fhaigheann an íocaíocht
C. Faisnéis maidir le híocóir na híocaíochta díbhinne nó úis	
Aitheantas an idirghabhálaí airgeadais óna bhfaigheann an tuairisceoir an íocaíocht díbhinne nó úis	
i. Duine aonair	Ainm, uimhir aitheantais chánach, dáta breithe, seoladh
ii. Duine dlítheanach	Ainm, LEI, TIN, seoladh, EUID
Uimhir chuntais na hinfheistíochta	Uimhir an chuntais slánchoimeádta i gcás ina raibh na hurrúis i seilbh an idirghabhálaí airgeadais a

	sheolann an íocaíocht
D. Faisnéis maidir leis an íocaíocht díbhinne nó úis	
Eisitheoir	Ainm, LEI nó TIN nó EUID, seoladh oifigiúil
Uimhir ISIN	Sainaithint an eisitheora agus an urrúis
Cineál urrúis	Díbhinní airgid, díbhinní comhchineáil, díbhinní comhchineáil measctha agus díbhinní airgid agus ús
COAF (Sainaitheantóir Imeachta Oifigiúil um Ghníomhaíocht Chorparáideach)	Sainaithint an imeachta (dáileadh díbhinní/úis)
Dátaí ábhartha	Dáta *ex*-dhíbhinne, dáta an taifid, dáta socraíochta (má rinneadh é nó marc i gcás nach ndearnadh go fóill é), dáta na híocaíochta, an dáta cúpóin
Méid na díbhinne nó an úis a fuarthas/atá le fáil agus an t-airgeadra	Ollmhéid, glanmhéid, an ráta cánach siarchoinneálaí a cuireadh i bhfeidhm nó atá le cur i bhfeidhm, an méid a coinníodh siar
Uimhir an chuntais airgid	Uimhir chuntais ar aistríodh an íocaíocht chuici
E. Faisnéis maidir le cur i bhfeidhm beart frith-mhí-úsáide	
Faisnéis maidir le tréimhse sealbhaíochta scaireanna foluiteacha arna dtrádáil go poiblí	Dhá bhosca: 1) i gcás scaireanna foluiteacha a fuarthas 2 lá nó níos mó roimh an dáta *ex*-dhíbhinne – an líon scaireanna 2) i gcás scaireanna foluiteacha a fuarthas laistigh de thréimhse 2 lá roimh an dáta *ex*-dhíbhinne – an líon scaireanna (Foirmle an ceann is túisce isteach, is túisce amach (FIFO) le húsáid i gcás gnáthshuíomhanna trádála)
Faisnéis maidir le socrú airgeadais	Sonraigh fianaise ar aon socrú airgeadais lena mbaineann scair fholuiteach arna trádáil go poiblí nár socraíodh, nach ndeachaigh in éag nó nár foirceannadh ar aon bhealach eile ar an dáta *ex*dhíbhinne